







Gearrscannáin T2

don Chéad Bhliain

<p>An Rinceoir 4 nóim</p> 	<p>Stiúrthóir: Elaine Gallagher Sríbhneoir: Elaine Gallagher</p> <p>Léiríonn gearrscannán Elaine Gallagher grá cailín óg don Damhsa Gaelach agus í san iomaíocht ag feis.</p>
<p>An t-Ádh 20 nóim</p> 	<p>Stiúrthóir: Colm Bairéad Sríbhneoir: Medb Johnstone</p> <p>Scéal é seo atá bunaithe ar shaothar Phádraic Uí Conaire. Is iomaí casadh sa saol seo ach is beag an chuimhne a bhíonn ag Liam ar an méid atá i ndán dó nuair a shocraíonn sé dul go hÁrainn chuig cluiche peile. Nuair nach mbíonn ach áit do bheirt ar bhád Tom Beag, tagann Liam ar phlean a chuireann athrú tubaisteach ar a shaol go deo. Seo lá nach ndéanfaidh Liam dearmad go brách air.</p>
<p>An Teanga Rúnda 13 nóim</p> 	<p>Stiúrthóir: Brian Durnin Sríbhneoir: Brian Durnin</p> <p>Gaeilge a labhraíonn James agus a athair Mícheál nuair a bhíonn siad i mbun a ngnó spaireachta rúnda. Ní fhéadfadh máthair James fáil amach faoi na misin rúnda a bhíonn ar bun acu. Ach luath nó mall beidh a fhios ag gach duine faoin méid a bhíonn ar siúl acu.</p>
<p>Clare sa Spéir 19 nóim</p> 	<p>Stiúrthóir: Audrey O'Reilly Sríbhneoir: Audrey O'Reilly</p> <p>Cé a chreidfeadh go mbeadh bean ina cónaí thuas i gcrann i dteach ar imeall Bhaile Átha Cliath?</p>

Blurbaí ó: TG4 Foghlaim agus ó www.thisisirishfilm.ie



Cúilín Dualach

12 nóim



Stiúrthóir: Nora Twomey

Sríbhneoir: Jackie Mac Donncha

Bhuaigh an clár seo gradam ag an bhFéile Scannánaíochta Ceilteach. Tá *Cúilín Dualach* bunaithe ar ghearrscéal faoin gcaoi a gcaitear fós le daoine faoi mhíchumas. Nuair a thagann Cúilín ar an saol bíonn a cheann iompaithe siar. Bíonn grá ag a mháthair dó ón tús ach ní bhíonn aird ag aon duine eile air, fiú a athair féin. Ar feadh a shaoil bíonn Cúilín ag iarraidh grá agus meas a athar a tharraingt chuige féin ach nuair a éiríonn leis bíonn sé ró-mhall.

El Toro



Stiúrthóir: Tomás Seoighe

Sríbhneoir: Tomás Seoighe

Tá bullaíocht á dhéanamh ar Chian ag an scoil agus níl cúrsaí iontach sa bhaile ach an oiread. Ach go tobann, faigheann sé deis meas a spreagadh i measc an dream atá timpeall air agus is é an t-aon chaoi le haghaidh seo a dhéanamh ná troid in aghaidh tairbh... ar nós Matador!

Marion agus an Bhanphrionsa

8 nóim



Stiúrthóir: Melanie Clark Pullen

Sríbhneoir: Melanie Clark Pullen

Gearrscannán Gaeilge a bhuaigh Gradam Ghael Linn. Scannán fíorálainn a léiríonn an mhian ó chroí a bhí ag cailín óg bualadh leis an mBhanphrionsa Grace nuair a thug sí cuairt ar Éirinn. Erin agus Doireann Learmont an bheirt aisteoirí óga sa scannán.

Yu Ming is Ainm Dom

13 nóim



Stiúrthóir: Daniel O'Hara

Sríbhneoir: Daniel O'Hara

Scéal faoi Shíneach Óg nach bhfuil sásta ina phost san ollmhargadh. Beartaíonn sé teacht go hÉirinn agus léiríonn an taighde gurb í an Ghaeilge teanga oifigiúil na tíre. Tagann sé go Baile Átha Cliath ag labhairt na teanga agus tá mearbhall air nuair nach dtuigeann éinne é.